



Cuntas Leithreasa 2012

Vóta 8

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 8, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 le haghaidh thurastail agus speansais Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ina theannta sin, glacadh leis an mbeartas cuntasaíochta seo a leanas maidir le hobair-idir-lámha.

Is é atá i gceist le hobair-idir-lámha ná an luach measta inghnóthaithe a bhaineann le hobair iniúchta a chuirtear i gcrích ag deireadh na bliana sna cásanna sin nár tuairiscíodh tuairim iniúchta, agus dearbhaítear í ag leibhéal níos ísle an chostais agus an ghlanluacha inréadaithe.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Oifigeach Cuntasaíochta. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistíú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairiscíú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Oifig gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Gnólacht phríobháideach a chomhlíonann feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí agus pearsanra atá oilte go cuí á úsáid acu.

Andrew Harkness

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Márta 2013

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Rinneadh iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 8, Oifig an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste ar mo shonsa ag Tommy Doherty ó Mazars, Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe faoi Alt 13 den Acht um Ard-Aighne Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal caighdeánach cuntasáiochta do chuntais leithreasa. Is cuid den chuntas iad na beartais agus na nótaí cuntasáiochta..

Bunaithe ar a iniúchadh agus ar a thuairisc, i mo thuairimse, cuireann an cuntas leithreasa i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 8, Oifig an Ard-Aighne Cuntas agus Ciste don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Meitheamh 2013

TUAIRIM DON ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE DE RÉIR ALT 13 D'ACHT AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (LEASÚ), 1993

Mar an t-iniúcháir arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Cuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 iniúchta agam.

Is don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amháin a dhéantar an tuarascáil seo, de réir Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tugadh faoi mo chuid oibre iniúcháireachta sa chaoi is gur féidir liom a chur in iúl don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste na cúrsaí sin a cheanglaítear orm a chur in iúl dó i ndeimhniú mo thuairime agus ní chun críocha ar bith eile. Lánoiread is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaim le ná ní ghabhaim orm freagracht as an obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta agam, do dhuine ar bith eile seachas an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Freagrachtaí an oifigigh chuntasaíochta agus an iniúchóra faoi seach

Faoi Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*, bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an gCuntas Leithghabhála a ullmhú. Bíonn sé freagrach freisin, inter alia, as cistí poiblí a chosaint agus as rialtacht agus cirte gach idirbheart sa Chuntas Leithghabhála.

Is é m'fhreagracht an Cuntas Leithghabhála a iniúchadh de réir ceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caihdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím daoibh mo thuairim maidir leis an gceist an léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus íocaíochtaí an Vóta. Tuairiscím duit freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Oifig. Lena chois sin, luaim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta agus cibé an dtagann Cuntas Leithghabhála na hOifige leis na leabhair chuntais.

An Bunús atá le mo Thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gCuntas Leithghabhála Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste de réir Caihdeán Idirnáisiúnta maidir leis an Iniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúcháireachta agus Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sa Chuntas Leithghabhála, agus scrúdú le féachaint an dtagann na hidirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta, agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nó nár cloíodh.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na Cuntais Leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna Cuntais Leithghabhála san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go gcuirtear fáltais agus caiteachas an Vóta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 i láthair go cuí i gCuntas Leithghabhála an Vóta d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus nach bhfuil aon ní ann ar gá dom tuairisciú ina dtaobh, de bhun Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críoche m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá an Cuntas Leithghabhála ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tommy Doherty

I gcomhair agus thar ceann Mazars
Chartered Accountants and Registered Auditors
Block 3
Harcourt Centre
Dublin 2.

6 Meitheamh 2013

Vóta 8 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Cuntas Leithreasa 2012

		2012		2011
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Iníúchadh agus Tuairisciú	12,466	10,920	11,487
Olliomlán		12,466	10,920	11,487
<i>Bain de :</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair	5,875	5,897	7,171
Glaniomlán		6,591	5,023	4,316

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Stáitchiste.

	2012	2011
	€	€
Farasbarr le tabhairt suas	1,568,168	2,528,030

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2012		2011
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus líuntais	9,970	9,161	9,407
ii	Taisteal agus cothú	546	444	469
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	328	153	297
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	100	85	150
v	Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha	443	399	410
vi	Costais áitreabh oifige	260	248	233
vii	Seirbhísí comhairleoireachta	350	2	103
viii	Táillí dlí	45	21	12
ix	Seirbhísí iniúchta Conartha	424	407	406
		12,466	10,920	11,487

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

	2012	2011
	€000	€000
Pá	9,161	9,407
Caiteachas eile	1,759	2,080
Ollchaiteachas	10,920	11,487
<i>Bain de</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	5,897	7,171
Glanchaiteachas	5,023	4,316
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
Ceannacháin	(159)	
Dímheas	171	
	12	74
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhráithe deiridh	38	
Laghdú ar stoc	8	
	46	75
Caiteachas díreach	5,081	4,465
Laghdú luacha in obair idir lámha	33	477
Caiteachas tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1)	2,489	3,018
Measchíosanna	202	203
Costas glan clár	7,805	8,163

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas i ndáil le Vóta 8 a iompraíodh in áiteanna eile.

	2012	2011
	€000	€000
Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh	—	14
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	1,315	1,885
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	664	652
Cuntas An Lárchiste	510	467
	<u>2,489</u>	<u>3,018</u>

2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní Caipitil	2.3	413	425
Obair idir Lámha	2.4	578	611
		991	1,036
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.5	68	—
Stoic		21	29
Speansais Réamhíochta		76	85
Féichiúnaithe maidir le Taillí Iníúcháireachta		479	726
Ioncam fabhráithe ó tháillí iníúcháireachta	2.6	531	297
Iarmhéideanna eile dochair	2.7	107	155
Glandliteanas don Stáitchiste	2.9	121	209
Iomlán na Sócmhainní Reatha		1,403	1,501
Lúide Dlíteanais Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.5	—	40
Costais fhabhráithe		55	39
Iarmhéideanna eile sochair	2.8	296	324
Iomlán na nDlíteanas Reatha		351	403
Glansócmhainní reatha		1,052	1,098
Glansócmhainní		2,043	2,134
Léirithe ag:			
Cuntas Maoiniú Stáit	2.1	2,043	2,134

2.1 Cuntas Maoiniú Stáit	Nóta	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		2,134	2,746
Maoiniú tarraingthe síos	2.2	7,512	7,334
Caiteachas neamh-airgid -measchíosanna	1	202	203
Aistrithe		—	14
Costas glan clár	1	(7,805)	(8,163)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		2,043	2,134
2.2 Maoiniú tarraingthe síos			
Nóta			
€000			
Eisíocaíochtaí as an vóta			
Suím soláthraithe sa mheastachán	Cuntas	6,591	6,844
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(1,568)	(2,528)
		5,023	4,316
Caiteachas tabhaíodh in áit eile	1	2,489	3,018
Maoiniú iomlán tarraingthe anuas		7,512	7,334

2.3 Ráiteas faoi Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012	1,843	343	2,186
Breiseanna	147	12	159
Diúscairtí	(4)	(12)	(16)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012	1,986	343	2,329
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012	1,539	222	1,761
Dímheas don bhliain	137	34	171
Dímheas ar dhiúscairtí	(4)	(12)	(16)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2012	1,672	244	1,916
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012	314	99	413
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011	304	121	425

2.4 Obair idir Lámha

Sannann obair-idir-lámha luach don obair iniúchta mar a ndéantar táille a ghearradh ach mar nár críochnaíodh an t-iniúchadh fós. Áirítear luach na hoibre-idir-lámha mar chéatadán den táille iniúchta comhaontaithe, bunaithe ar stádas an iniúchta ag deireadh na bliana, mar seo a leanas:

Stádas an Iniúchta	Céatadán den táille iniúcháireachta arna áireamh in obair idir lámha	2012	2011
		€000	€000
Imréitithe chun Deimhnithe	90%	117	188
Ag Staid Athbhreithniú an Iniúchta	75%	177	66
Obair Allamuigh Tugtha chun Críche	60%	75	47
Iniúchadh Deiridh ar Siúl	30%	41	5
Iniúchadh Eatramhach Tugtha chun Chríche	15%	109	154
Iniúchadh Eatramhach ar Siúl	10%	59	151
		578	611

2.5 Banc agus Airgead Tirim

	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	68	(40)
Orduithe íocaíochta gan íoc	—	—
	68	(40)

2.6 Ioncam Fabhraithe ó Tháillí Iniúcháireachta

Léirítear leis an ioncam fabhraithe ó tháillí iniúcháireachta obair iniúcháireachta atá curtha i gcrích ach nach raibh sonrasc lena haghaidh réitithe ag deireadh na bliana.

2.7 Iarmhéideanna eile dochair	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Scéim chaiteachais taistil infhorchúitithe agus phas taistil	70	60
Caiteachas in-fhorchúitithe ó chomhthionóntaí	37	86
Airleacain don OOP	—	9
	<u>107</u>	<u>155</u>

2.8 Iarmhéideanna Eile Sochair	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000

Suim atá dlite don Stát

Cáin ioncaim	108	118
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	63	66
Tobhach ar Ioncam	36	40
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	6	24
Cáin Bhreisluacha	9	11
Ranníocaíochtaí Pinsean	24	24
	<u>246</u>	<u>283</u>
Dlite on OOP	11	—
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	38	41
Iarmhéideanna sochair ar fionraí	1	—
	<u>296</u>	<u>324</u>

2.9 Glandliteanas don Státhiste	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas	1,568	2,528
Deontas ón Státhiste nár tarraingíodh	(1,689)	(2,737)
Glandliteanas don Státhiste	<u>(121)</u>	<u>(209)</u>

Arna léiriú le:**Féichiúnaithe**

Banc agus Airgead Tirim	68	—
larmhéideanna dochair: ar fionraí	107	155
	<u>175</u>	<u>155</u>

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(246)	(283)
larmhéideanna sochair ar fionraí	(50)	(41)
Banc agus Airgead Tirim	—	(40)
	<u>(296)</u>	<u>(364)</u>
	<u>(121)</u>	<u>(209)</u>

2.10 Ceangaltais	2012	2011
ag 31 Nollaig	€000	€000
lomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe de réir dlí	91	1

3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

		2012		2011
		Suim	Toradh	Toradh
		Soláthraithe		
		sa		
		Mheastachán		
		€000	€000	€000
A	Iníúchadh agus Tuairisciú			
A.1	Riarachán - pá	9,970	9,161	9,407
A.2	Riarachán - caiteachas eile	2,496	1,759	2,080
		12,466	10,920	11,487

Athruithe suntasacha

San iomlán, d'eascair an príomhchoigilteas don chlár as bearnaí sealadacha i líon na foirne a bhí fostaithe le linn na bliana, rud as ar eascair caiteachas pá laghdaithe agus coigilteas iarmhartach eile. Fritháiríodh an coigilteas seo go pointe áirithe trí chostas fhostú cuntasóirí 'conraithe isteach' ar bhonn sealadach le cuid de na bearnaí a líonadh.

Bhí an caiteachas i bhfad níos lú ná mar a ndearnadh foráil dó sna réimsí seo a leanas:

Costais oiliúna agus forbartha, agus teagmhasacha

Ba é an soláthar meastacháin don oiliúint agus don fhorbairt agus do tháillí teagmhasacha ná €328,000.

Ba é an toradh ná €153,000. D'eascair an coigilteas go príomha mar gheall ar gur baineadh níos lú leasa as soláthróirí oiliúna seachtracha agus seirbhísí aistriúcháin ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Seirbhísí comhairleachta

Ba é an soláthar meastachán do sheirbhísí comhairleachta ná €350,000. Níor caitheadh ach €2,000. D'eascair an coigilteas go príomha ós rud é go ndearnadh soláthar de €200,000 do chomhairleacht a bhain leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Rinneadh coigilteas freisin de €148,000 i dtaca le comhairleacht ghinearálta ós rud é gur theastaigh níos lú ionchur saineolach do na scrúduithe sin ar tugadh fúthu i rith na bliana ná mar a ceapadh an chéadúair.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair	2012		2011
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1. Fáltas ó tháillí	5,275	5,327	6,570
2. Fáltais ón asbhaint ar luach saothair lucht na seirbhíse poiblí maidir le pinsin	600	570	601
Iomlán	5,875	5,897	7,171

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2012	2011
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimaire) ag deireadh na bliana	136	146
	2012	2011
	€000	€000
Pá	8,483	8,738
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	58	57
Liúntais eile	—	1
Ragobair	—	—
ÁSPC an Fhostóra	620	611
Pá iomlán	9,161	9,407

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2012	2011
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	14	1	11,825	10,395
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	—	—	—	233

5.2 Luach Saothair an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Íoctar tuarastal an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste amach as Lárchiste an Státhchiste, faoi mar a ndéantar soláthar dó in alt 14 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, 1993. Ba é an muirear ar an Lárchiste i 2012 maidir le tuarastal an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste ná €143,700. Bhí folúntas ann don phost seo ar feadh trí mhí le linn 2012. Faoi mar a ndearnadh foráil dó in Alt 33 den Bhunreacht, ní féidir leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste aon oifig ná post le luach saothair eile a bheith aige/aici.

5.3 Luach tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Ba é an muirear don Vóta i 2012 maidir le luach tuarastail an Oifigigh Cuntasaíochta ná €146,421.

5.4 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Fuair aon bhall déag den fhoireann liúntais as glacadh le ról a mbaineann gráid níos airde leo. Ba é an costas iomlán ná €40,462.

Mar chuid dá struchtúr pá, fuair roinnt Iníúcháirí faoi Oiliúint Luach Saothair breise ar luach iomlán de €4,321 (€47,520 i 2011), tar éis dóibh cáiliú mar chuntasóirí agus tar éis dóibh glacadh leis na freagrachtaí sin a bhaineann le grád an Iníúcháir. Cuimsítear sin san fhigiúr pá thuas.

6 Ilgnéitheach

6.1 Ba é luach iomlán chostais an Choiste Iniúchta ná €4,000 (€6,000 i 2011).